# An gháinneáil ar dhaoine san Eoraip: bunfhíricí agus gníomhaíocht AE

**Meastar an gháinneáil ar dhaoine a bheith ar cheann de na cionta coiriúla is tromchúisí ar domhan agus léiríonn an staidreamh go dtarlaíonn sé san Eoraip. Tuilleadh san fhíseán thíos.**

Sárú tromchúiseach ar chearta an duine is ea an gháinneáil ar dhaoine. Is féidir daoine a gháinneáil isteach i gcineálacha éagsúla oibre lena n-áirítear obair i siopaí allais, striapachas nó cineálacha eile teacht i dtír gnéasach.

Timpeall na cruinne tá níos mó ná 20 milliún duine ann ar gáinneáladh iad agus baineann brabús bliantúil de €117 billiún leis an ngnó. Sa tréimhse 2013-2014 bhí thart ar 15,846 duine ann san Aontas Eorpach ar dócha gur íospartaigh gáinneála iad. Ba mhná agus cailíní iad formhór (71%) na n-íospartach agus bhí níos mó ná leath dóibh faoi bhun 25 bliana d'aois.

Déantar gáinneáil ar dhaoine ar mhaithe le teacht i dtír gnéasach, le daoirse teaghlaigh nó chun a gcuid orgán a bhaint amach. Agus géarchéim na n-imirceach fós ann, tá an comhrac i gcoinne gáinneáil ar dhaoine fós ar thosaíochtaí an Aontais Eorpaigh. Caith súil ar an bhfíseán thuas chun tuilleadh a fhoghlaim faoina bhfuil ar siúl ag Parlaimint na hEorpa chun dul i ngleic leis an bhfadhb.

## Tuilleadh faisnéise

Grafaic faisnéise



**Físeán**
https://www.europarltv.europa.eu/en/programme/society/human-trafficking